

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 41

An tÚdarás Póilíneachta

Réamhrá

Is mise, mar Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás Póilíneachta, an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 41. Ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus speansais an tÚdarás Póilíneachta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasai-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €615,000 dílte le géilleadh don Stáitchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ról an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta an 1 Eanáir 2016 le hachtú Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2015. An Cathaoirleach agus ochtar comhaltaí atá san Údarás.

Is é príomhról an Údaráis formhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána maidir lena fheidhmeanna a bhaineann le seirbhísí póilíneachta.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as na nithe seo a leanas

- bheith i gceannas ar ghníomhaíochtaí an Údaráis agus iad a threorú
- comhlíonadh agus gach oibleagáid reachtúil is infheidhme
- an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus na bainisteoirí sinsearach a choinneáil cuntasach as feidhmíocht éifeachtach a bhfreagraí
- ábhair a bhaineann le hiniúcháireacht, rialachas agus bainistíocht riosca
- a chinntiú gurb ann do chórais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh agus go gcuirtear chun feidhme iad
- plean straitéiseach a réiteach agus a ghlacadh, agus
- tuarascáil bhliantúil an Údaráis a réiteach.

Tá an *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* glactha ag an Údarás agus, de réir fhoráil 2.6 den chód, cuirfidh Cathaoirleach an Údaráis tuarascáil chuimsitheach faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt faoin 31 Márta 2021.

Cuirfear tuarascáil bhliantúil an Údaráis don bhliain 2020 faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt faoin 31 Márta 2021.

Nochtadh i gcuntas leithreasa na bliana seo caite gurb amhlaidh, de bhun tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta, go bhfuil sé beartaithe comhlacht nua reachtúil a bhunú, faoina ndéanfar Cigireacht an Gharda Síochána agus an tÚdarás Póilíneachta a chumasc. Tá an reachtaíocht nua fós ar feitheamh agus, dá bhrí sin, tá feidhmeanna reachtúla reatha an Údaráis chomh maith lena ról formhaoirseachta fós i bhfeidhm.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta maidir le cuntas leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ulmhú.

Faoi mar a fhoráiltear i gCiorclán 21 de 2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá tairseach €1,000 curtha i bhfeidhm ag an Údarás chun sócmhainní caipitil a chaipitliú sa bhliain 2020.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním mo fhreagracht as a chinntiú go gcoinníonn agus go bhfeidhmíonn an tÚdarás córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oihleagáidí eile mar Phríomhfheidhmeannach. Lena chois sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á gclárú go hiomchuí agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí go tráthúil iad. Is próiseas leanúnach é cothabháil an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Cuireann Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt seirbhísí airgeadais ar fáil don Údarás faoi Chomhaontú Seirbhíse. An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a chuireann seirbhísí párolla agus acmhainní daonna ar fáil don Údarás faoi mheabhrán tuisceana. Tá na freagrachtaí atá orm maidir le ceanglais na gcomhaontuithe sin comhlíonta agam.

Tá na hOifigigh Chuntasaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt agus san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as na córais rialaithe inmheánaigh a fheidhmiú i ndáil le seirbhísí comhroinnte airgeadais agus seirbhísí párolla agus acmhainní daonna faoi seach. Bím ag brath ar litreacha dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte araon go bhfuil na córais chuí i ndáil le rialachas agus rialú inmheánach curtha i bhfeidhm maidir leis na seirbhísí a chuireann siad ar fáil don Údarás.

Is mar seo a leanas atá an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht ag dul leo dá réir.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagrachtaí as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla i gcomhair teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom agus mé i mbun mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá na príomhphróisis ghnó uile doiciméadaithe.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta, agus go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann lena ngabhann buiséad bliantúil a gcoinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú é
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm san oifig
- go bhfuil córais ann a dhíríonn ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann
- go gcinntíonn an tÚdarás go bhfuil fócas cuí ann ar an dea-chleachtas sa cheannach agus gurb ann do nósanna imeachta lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile, ar treoirlínte iad a chomhlíonann an tÚdarás.

Iniúcháireacht inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Údarás ina bhfuil pearsanra atá oile go cuí agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agamsa. De bharr mhéid na gníomhaireachta, déantar an fheidhm seo a sheachfhoinisí chuig gnólacht seirbhísí gairmiúil, a bhfuil a chuid seirbhísí faoi réir gnáth-atairisceana i gcomhréir le nósanna imeachta soláthair. Anailís ar na rioscaí airgeadais ar a bhfuil an tÚdarás neamhchosanta a chuireann bonn eolais faoina chuid oibre agus tá na pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí, a fhaomhaimse, bunaithe ar an anailís seo. Is é aidhm na bpleananna seo na croírialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar le Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Údarais, athbhreithníonn an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Comhlíonadh soláthair

Deimhním go gcinntíonn an tÚdarás go bhfuil béim chuí ann ar dhea-chleachtas maidir le soláthar, go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne soláthair iomchuí a chinntiú agus gur chomhlíon an tÚdarás na treoirlínte sin.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Údarás, rud ina sainaitheann agus a dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun tabhairt faoi na rioscaí seo agus iad a mhaolú a oiread agus is féidir.

Is ann do chlár rioscaí ina sainaitheann na príomhrioscaí atá roimh an Údarás agus tá siad sainaitheanta, measta agus grádaithe de réir an tsuntais a bhaineann leo. Is cáipéis bheo é an clár agus déanann an tÚdarás agus an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí é a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn míosúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbíonn rioscaí á mbainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a bhfuil gá leo chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht do bhaill shonracha foirne as rialuithe a fheidhmiú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla monatóireachta curtha ar bun agus cuirtear próisis agus easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí, nuair is iomchuí. Dearbhaím gur sainaitheann na príomhrioscaí agus rialuithe bainteacha agus go bhfuil próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus rialú. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis maidir le héifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais treoraithe ag obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus ag obair bhainistíocht shinsearach an Údaráis atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Paindéim Covid-19

Tá súil ghéar coinnithe ag an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí, ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, ag iniúcháirí inmheánacha agus ag an Údarás ar bhonn leanúnach ar thionchar Covid-19 ar oibríochtaí an Údaráis i gcoitinne agus ar an timpeallacht rialaithe ina bhfeidhmíonn an tÚdarás. I dtosach, ba iad na rioscaí suntasacha a sainithníodh ná na rioscaí a bhain le leanúnachas gnó agus sláinte agus sábháilteacht agus, mar fhreagairt dóibh sin, rinne an tÚdarás gníomhartha láithreacha agus leanúnacha. Áiríodh iad seo a leanas orthu sin

- sannadh freagracht as leanúnachas gnó ar an mBainisteoir Leanúnachais Gnó ainmnithe
- tugadh polasaí isteach láithreach go mbeadh an fhoireann go léir ag obair ón mbaile
- cuireadh rochtain chianda ar an líonra i bhfeidhm don fhoireann go léir d'fhonn obair ón mbaile a éascú
- rinneadh bearta diana rialaithe ionfhabhtaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in oifigí an Údaráis
- cuireadh treoirilínte chomh maith le meabhrúcháin maidir le conas obair go sábháilte agus go héifeachtach ón mbaile in iúl don fhoireann ar fad, le haird chuí ar chosaint sonraí agus ar rialuithe inmheánacha ábhartha
- cuireadh an trealamh TF riachtanach ar fáil chun obair ón mbaile a chumasú, lenar áiríodh cumarsáid laistigh den eagraíocht
- cuireadh polasaí i ndáil le cumarsáid dhíreach a dhéanamh go minic idir bainisteoirí agus an fhoireann fad is atáthar ag obair ón mbaile agus
- glacadh cur chuige leanúnach dírithe ar rannpháirtíocht agus folláine foirne le linn na paindéime.

Le haird ar leith ar rialuithe inmheánacha le linn thréimhse éigeandála Covid-19

- leanadh d'obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus den fhorfhaoirseacht iniúcháireachta inmheánaí gan aon chur isteach, agus, go háirithe, tionóladh an t-iniúchadh inmheánach bliantúil ar rialuithe mar a bhí beartaithe le béim ar leith ar thionchar phaindéim Covid-19
- coinníodh príomhrialuithe airgeadais, agus rinneadh próisis áirithe a oiriúnú don chianobair
- cuireadh isteach ar amlínte focaíochta fad is a bhí próisis oiriúnaithe á leabú, ach tá siad sin ar ais mar a bhí anois
- choinnigh an Príomhfheidhmeannach, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, na hiniúcháirí inmheánacha agus an tOifigeach Airgeadais súil ghéar, agus tá súil ghéar á coinneáil i gcónaí acu, ar phríomhrialuithe airgeadais agus ar amlínte focaíochta agus
- mar mhaolú ar an mbaol soiléir a bhí ann go gcaillfí pearsanra le linn na thréimhse, rinneadh feidhmeanna acmhainní daonna agus pearsanra a choinneáil chomh maith, le hearcú agus le hionduchtú baill foirne nua ar leibhéal an Údaráis agus foirne araon.

Lean gach ball agus ball foirne den Údarás ag obair ón mbaile le linn na thréimhse éigeandála, agus socrú le déanamh roimh ré le freastal ar an oifig, ar choinníoll go gcuirfí foirm sláinte ábhartha Covid-19 ar fáil agus i gcúinsí eisceachtúla amháin. Déantar taifead maidir le freastal ar bith den chineál sin a choinneáil ar bhonn leanúnach.

Thionóil an tÚdarás 21 cruinniú Údaráis sa bhliain 2020, 11 acu leis an gCoimisinéir agus cúig cinn acu go poiblí. Tionóladh gach ceann de na cruinnithe sin go cianda ón 11 Márta agus rinneadh cruinnithe poiblí a shruthú go beo.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais in 2020 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Helen Hall

Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Póilíneachta

16 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'fhorordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Táim neamhspleách ar an Údarás Póilíneachta agus tá na freagrachtaí eiticíúla eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Meitheamh 2021

Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta

Cuntas Leithreasa 2020

		2020	2019
	Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir			
A	Formhaoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar fheidhmeanna póilíneachta an Gharda Síochána	3,413	2,817
	Ollchaiteachas	3,413	2,817
<i>Lúide</i>			
B	Leithreasáí-i-gcabhair	47	66
	Glanchaiteachas	3,366	2,751

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh dlite le géilleadh don Státhchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	615,165	544,124

Helen Hall

Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Póilíneachta

16 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Riarachán - pá		2,087	1,932
Riarachán - neamhphá		730	913
Ollchaiteachas		2,817	2,845
<i>Lúide</i>			
Leithreasaí-i-gcabhair		66	65
Glanchaiteachas		2,751	2,780
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(25)		
Dímheas	6	(19)	—
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(9)		
Méadú ar stoc	(6)	(15)	12
Caiteachas díreach		2,717	2,792
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		315	313
Glanchostas an chláir		3,032	3,105

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an tsuim i ndáil le glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara maidir le Vóta 41 comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas a tabhaíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	8	8
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	253	253
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	5	4
Vóta 24	Dlí agus Ceart	49	48
		315	313

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	35	16
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		130	83
Stoic	2.2	13	7
Réamhíocaíochtaí		14	15
Iarmhéideanna dochair eile		42	4
Glanmhaoiniú Státchiste	2.4	—	14
Iomlán na sócmhainní reatha		199	123
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		21	31
Iarmhéideanna sochair eile	2.3	129	101
Glanmhaoiniú Státchiste	2.4	43	—
Iomlán na ndlíteanas reatha		193	132
Glansócmhainní reatha		6	(9)
Sócmhainní reatha		41	7
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.5	41	7

2.1 Sócmhainní Caipitil

	Trealamh oifige €000	Troscán agus feistis €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	24	34	58
Breiseanna	23	2	25
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	47	36	83
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	12	30	42
Dímheas don bhliain	5	1	6
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	17	31	48
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	30	5	35
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	12	4	16

2.2 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Stáiseanóireacht	11	5
Lónadóireacht	—	1
Glanadh	2	1
Ábhar inchaite TF	—	—
	13	7

2.3 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Suimeanna atá dlíte don Stát		
Cáin ioncaim	63	57
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	24	20
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	19	15
Cáin bhreisluacha ar shonraisc eachtracha	6	6
	112	98
Míreanna sochair eile ar fionraí	17	3
	129	101

2.4 Glanmhaoiniú Státhchiste

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Farasbarr	615	544
Deontas ón Státhchiste nár tarraingíodh	(572)	(558)
Glanmhaoiniú Státhchiste	43	(14)
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	130	83
Míreanna dochair: ar fionraí	42	4
	172	87
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(112)	(98)
Míreanna sochair: ar fionraí	(17)	(3)
	(129)	(101)
	43	(14)

2.5 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta	2020 €000	2019 €000
larmhéid ag an 1 Eanáir		7	19
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	3,366	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(615)	
Glanvóta		2,751	2,780
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1	315	313
Glanchostas an chláir	1	(3,032)	(3,105)
larmhéid ag an 31 Nollaig		41	7

2.6 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda		
ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Soláthar earraí agus seirbhísí	37	85

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riarachán

Rangaítear an leithdháileadh ar fad do Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta mar chaiteachas riaracháin a chuirtear i bhfeidhm i dtreo clár aonair: Formhaoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar fheidhmeanna póilíneachta an Gharda Síochána.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	2,213	2,087	1,932
ii	Taisteal agus cothú	50	7	49
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	745	525	637
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	50	12	12
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	125	139	150
vi	Costais áitribh oifige	130	45	64
vii	Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus beartas	100	2	1
		3,413	2,817	2,845

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha ann (+/-25% agus €100,000).

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €745,000; toradh €525,000

Bhí moill ann ar obair a bhí pleanáilte a chur i bhfeidhm mar gheall ar chur isteach agus asáitiú in 2020 mar gheall ar éigeandáil Covid-19. Mar gheall air sin, chomh maith le folúntais foirne agus an mhoill a bhí ann ar ghníomhaíochtaí áirithe, bhí coigilteas €220,000 (2019: €108,000) i gceist faoin bhfo-mhírcheann seo.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí	47	57	65
2	Ilghnéitheach	—	9	—
Iomlán		47	66	65

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon ball foirne ag deireadh na bliana	36	33

5.2 Pá

	2020	2019
	€000	€000
Pá	1,903	1,768
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	—	2
ÁSPC an fhostóra	184	162
Pá iomlán	2,087	1,932

5.3 Táillí agus speansais chomhaltaí an Údaráis

Ochtar comhaltaí den Údarás, lena n-áirítear an Cathaoirleach, a bhí ann sa bhliain 2020 (2019: naonúr). Tháinig an tÚdarás le chéile i gcruinniú iomlánach 21 uair san iomlán (cúig huaire go poiblí) (2019: 15 (sé huaire go poiblí)) agus tionóladh 27 cruinniú fochoiste san iomlán (2019: 25).

Íocadh táillí arbh ionann iad agus €150,907 san iomlán le comhaltaí den Údarás le linn na bliana 2020 (2019: €143,681). €3,269 na speansais a íocadh le comhaltaí sa bhliain 2020 (2019: €19,768). Rinneadh na táillí agus na speansais a mhuirearú chuig fo-mhírcheann A (iii) Oiliúint agus forbairt agus caiteachais theagmhasacha.

5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh cúigear státseirbhíseach a bhí ar scor agus a bhí ag fáil pinsin státseirbhíse a athfhostú le dul i mbun dualgais éagsúla in 2020 (2019: 11) ar chostas iomlán €27,903 (2019: €82,543). Tá nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun íocaíochtaí a dhéanamh le pearsanra atá ar scor i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.